V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10691 — CDP GROUP / FOMAS GROUP / PUNCH GROUP / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 154/07)

1. An 4 Aibreán 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CDP Venture Capital SGR S.p.A. ("CDP VC", an Iodáil), atá faoi rialú deiridh Cassa Depositi e Prestiti S.p.A. (an Iodáil),

— MIMETE S.r.l. ("MIMETE", an Iodáil), atá faoi rialú deiridh FOMAS HOP S.p.A. (an Iodáil),

— PUNCH Torino S.p.A. ("PUNCH", an Iodáil), ar cuid de PUNCH Group é, atá faoi rialú deiridh beirt daoine nádúrtha,

— Cuideachta nuachruthaithe ("NewCo", an Iodáil)

Gheobhaidh CDP VC, MIMETE agus PUNCH comhrialú ar NewCo de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann agus an chomhfhiontair nuabhunaithe:

— Déanann CDP VC cistí infheistíochta a chur chun cinn agus a bhainistiú chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta,

— Is soláthróir púdar miotail le haghaidh monarú suimitheach é MIMETE,

— Soláthraíonn PUNCH seirbhísí comhairleoireachta innealtóireachta maidir le teicneolaíochtaí, córais agus próisis a fhorbairt, a mhonarú agus a chomhtháthú chun réitigh lándéanta a chur i gcrích,

— Oibreoidh NewCo in earnáil an mhonaraithe shuimithigh/in earnáil phriontáil 3D.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10691– CDP GROUP / FOMAS GROUP / PUNCH GROUP / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.